Teach na bPaidreacha

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Christina Gallagher ó *The House of Prayer* ar Oileán Acla. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

founder	_____
it was reported	_____
attracting	_____
pilgrim	_____
it was alleged (líomhnaigh)	_____
arising from	_____
Archdiocese	_____
private	_____
spokesperson	_____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé a bhunaigh Teach na bPaidreacha agus cén bhliain?
2. Cén fáth a bhfuil Teach na bPaidreacha luaite sa *Sunday World*?
3. Cad é tuairim na ndaoine atá i dteagmháil le *Liveline*?
4. Cad a bhí le rá ag muintir Acla faoin scéal?
5. Cad a dúirt urlabhraí ó Theach na bPaidreacha?

Ceist 4 ‘Tuairiscíodh’ agus ‘a líomhnaíodh’

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

An bhfuil eolas ar bith agat faoin Bhriathar Saor?
Cathain a úsáidtear é? Cén fáth?
An féidir leat samplaí a thabhairt?

Cuir an fhoirm cheart de na briathra atá idir lúibíní sna bearnaí thíos:

1. (Cuir) _____ seachtar fear i bpríosún inné as smuigleáil drugaí isteach sa tír.
2. (Bunaigh) _____ an scoil sa bhliain 1976.
3. (Tabhair) _____ chun na Cúirte é de bharr na robála.
4. (Clúdaigh) _____ gach gné de stair na hÉireann ar an gcúrsa.
5. (Tar) _____ ar chnap mór airgid ar chúl an tí.
6. (Bris) _____ as a phost é mar bhí sé ar meisce.
7. (Déan) _____ dochar don ghluaisteán nuair a bhí sé ag tiomáint mar sin.
8. (Caith) _____ go holc leis nuair a bhí sé ar laethanta saoire leo.
9. (Mol) _____ go hard na spéire í ag an Oireachtas.
10. (Ceannaigh) _____ an bronntanas dom am éigin anuraidh.

Ceist 5 Aimsigh an Ghaeilge ar na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil ar an tuairisc:

Achill:	_____
Achill Island:	_____
Mayo:	_____
Co. Mayo:	_____
Malahide:	_____
Achill Sound:	_____
Tuam:	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil Christina Gallagher ag teacht i dtír ar dhaoine leochaileacha?
An raibh aiféala ort riamh as airgead a thabhairt d’aon duine?
An bhfuil airgead mór tuillte ag daoine mar Christina Gallagher a bhíonn ag obair agus ag rá paidreacha don phobal?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

founder	**bunaitheoir**
it was reported	**tuairiscíodh**
attracting	**ag mealladh**
pilgrim	**oilithreach**
it was alleged (líomhnaigh)	**líomhnaíodh**
arising from	**ag eascairt as**
Archdiocese	**Ard-Deoise**
private	**príobháideach**
spokesperson	**urlabhraí**

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí an *gist* ginearálta a fháil.

Ceist 3

1. Bhunaigh Christina Gallagher, bean as Maigh Eo, an tigh seo i 1993.
2. I sraith altanna a foilsíodh sa nuachtán *The Sunday World* le trí seachtainí anuas, líomhnaítear go bhfuil saibhreas ag Christina Gallagher.
3. Ag eascairt as na haltanna seo ghlaoigh daoine isteach ar an gclár raidió *LiveLine* ag labhairt i gcoinne Christina Gallagher.
4. Dúirt daoine atá ag maireachtáil anseo ar Oileán Acla ach nach raibh sásta labhairt ar cheamara linne inniu gur mór an buntáiste é Tigh na bPaidreacha do lucht lóistín agus lucht óstáin i nGob an Choire ar an oileán mar go mbíonn oilithrigh ag teacht anseo gach deireadh seachtaine.
5. Dúirt urlabhraí ó Thigh na bPaidreacha linne inniu nach raibh aon rud le rá acu ar an ábhar.

Ceist 4

- Baintear úsáid as an Bhriathar Saor nuair atá gníomh ann **ach** nach bhfuil a fhios againn cé a rinne an gníomh sin.
  Chuir Siobhán an bronntanas faoin chrann
  Cuireadh an bronntanas faoin chrann (níl a fhios againn cé a chuir an bronntanas faoin chrann)

- Baintear úsáid as an Bhriathar Saor in achan aimsir:

  cuireadh, cuirtear, cuirfear, chuirfí

- Ní bhíonn séimhiú ar bhriathar rialta sa Bhriathar Saor, Aimsir Chaite
- Más briathar le siolla amháin nó briathar a chríochnaíonn le *–áil* atá i gceist cuirtear *–adh* le briathar leathan agus *–eadh* le briathar caol (seol*adh*, cuir*eadh*)
- An chuid is mó de na briathra eile: cuirtear *–aíodh* le briathar leathan agus *–íodh* le briathar caol (ceann*aíodh*, imr*íodh*)

1. **Cuireadh** seachtar fear i bpríosún inné as smuigleáil drugaí isteach sa tír.
2. **Bunaíodh** an scoil sa bhliain 1976.
3. **Tugadh** chun na Cúirte é de bharr na robála.
4. **Clúdaíodh** gach gné de stair na hÉireann ar an gcúrsa.
5. **Thángthas** ar chnap mór airgid ar chúl an tí.

6. **Briseadh** as a phost é mar bhí sé ar meisce.
7. **Rinneadh** dochar don ghluaisteán nuair a bhí sé ag tiomáint mar sin.
8. **Caitheadh** go holc leis nuair a bhí sé ar laethanta saoire leo.
9. **Moladh** go hard na spéire í ag an Oireachtas.
10. **Ceannaíodh** an bronntanas dom am éigin anuraidh.

Ceist 5

Achill:	**Acaill**
Achill Island:	**Oileán Acla**
Mayo:	**Maigh Eo**
Co. Mayo:	**Co. Mhaigh Eo**
Malahide:	**Mullach Íde**
Achill Sound:	**Gob an Choire**
Tuam:	**Tuaim**

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Teach na bPaidreacha

Eimear Ní Chonaola
Dúirt daoine ar Acaill ar nuacht TG4 inniu nach bhfuil a fhios acu a gcreideann siad an méid atá ráite le trí seachtainí anuas faoi Christina Gallagher, bunaitheoir Theach na bPaidreacha, *The House of Prayer*, mar is fearr aithne air, ar an oileán. Tuairiscíodh i nuachtán Domhnaigh inné go raibh Christina Gallagher ag fanacht i dteach luach breis agus ceithre mhilliún euro. Tá an scéal ag Eibhlín Ní Choistealbha.

Eibhlín Ní Choistealbha
Seo é Tigh na bPaidreacha nó an *House of Prayer*, mar is fearr aithne air anseo ar Oileán Acla i gContae Mhaigh Eo. Bhunaigh Christina Gallagher, bean as Maigh Eo, an tigh seo i 1993. Tigh atá ag mealladh sluaite oilithreach ó shin i leith. I sraith altanna a foilsíodh sa nuachtán *The Sunday World* le trí seachtainí anuas, líomhnaítear go bhfuil saibhreas ag Christina Gallagher. Taispeántar pictiúir de thigh i Mullach Íde i mBaile Átha Cliath, gur fiú ceithre mhilliún euro é agus ina bhfuil Gallagher ag cur fúithi a deir an páipéar. Taispeánadh pictiúr de ghluaisteán BMW, *seven series*, a deir an páipéar atá á thiomáint ag Gallagher. Ag eascairt as na haltanna seo ghlaoigh daoine isteach ar an gclár raidió *LiveLine* ag labhairt i gcoinne Christina Gallagher. Dúirt daoine atá ag maireachtáil anseo ar Oileán Acla ach nach raibh sásta labhairt ar cheamara linne inniu gur mór an buntáiste é Tigh na bPaidreacha do lucht lóistín agus lucht óstáin i nGob an Choire ar an oileán mar go mbíonn oilithrigh ag teacht anseo gach deireadh seachtaine.

Dúirt daoine eile linne inniu nach raibh a fhios acu ar chreid siad an méid a líomhnaíodh sa pháipéar agus gur cheart aon airgead a dhéantar i dTigh na bPaidreacha a chur thar n-ais isteach ann. Deir Ard-Deoise Thuama nach dtugann siad cead don obair atá ar bun ag dTigh na bPaidreacha mar atá rudaí faoi láthair agus go bhfuil an obair atá ar bun ann príobháideach. Dúirt urlabhraí ó Thigh na bPaidreacha linne inniu nach raibh aon rud le rá acu ar an ábhar.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 ar Oileán Acla.